
**Bileog Iarratais Chlár na dToghthóirí do Roinn 2 Ceist 1**

## Clár na dToghthóirí

# Iarratas ar Chlárú




# Cláraigh

**ANOIS**

## NÓTAÍ

Tá Clár na dToghthóirí á ullmhú anois don bhliain seo chugainn. Déan deimhin de go mbeidh tusa agus baill do theaghlaigh ar an gclár tríd an bhfoirm seo a líonadh agus a sheoladh ar ais **LÁITHREACH**.

**Bí Cinnte go Luafaidh Tú**:

– Gach duine atá ina c(h)ónaí ag do sheoladh agus a bhfuil 18 mbliana slánaithe aige/aici;
– Daoine atá 17 mbliana d'aois agus a shlánóidh 18 mbliana faoin 15 Feabhra seo chugainn;
– Duine ar bith a bhfuil gnáthchónai air/uirthi ag do sheoladh atá i dteideal vóta a chaitheamh ach atá seal as baile.

**Ná Luaigh:**

– Cuairteoir atá ag cur faoi seal ag do sheoladh.

**Saoránacht**

Cé go bhfuil gach cónaitheoir fásta i dteideal bheith ar an gclár, caithfidh a fhios a bheith ag an údarás clárúcháin faoi shaoránacht duine mar go socraíonn an tsaoránacht sin cad iad na toghcháin inar féidir leis an duine vóta a chaitheamh. Is mar seo a leanas atá an ceart chun vótála:

**Saoránaigh Éireannacha**: Féadfaidh saoránaigh Éireannacha vóta a chaitheamh ag gach toghchán agus reifreann;

**Saoránaigh Bhriotanacha**: Féadfaidh saoránaigh Bhriotanacha vóta a chaitheamh ag toghcháin na Dála, na hEorpa agus ag toghcháin áitiúla;

**Saoránaigh eile den AE**: Féadfaidh saoránaigh eile den AE vóta a chaitheamh ag toghcháin na hEorpa agus ag toghcháin áitiúla;

**Saoránaigh nach saoránaigh den AE iad**: Féadfaidh saoránaigh nach saoránaigh den AE iad vóta a chaitheamh ag toghcháin áitiúla amháin.

**Is cion é** gan eolas is gá d'údarás clárúcháin le haghaidh a fheidhmeanna a thabhairt dó, nó eolas bréige a thabhairt.

**Cartún Timpeallachta do Roinn 2 Ceist 2**




**Foinse: The Irish Times, Meán Fómhair 2002**

# Feachtas Cárta Poist do Roinn 2 Ceist 3



Tony, féach isteach sna súile orm agus abair nach baol dom.

Is cuid d'fheachtas an cárta poist seo atá dírithe ar:

- Tony Blair
- An Prionsa Charles
- Norman Askew

(ceannasaí British Nuclear Fuels)

ag iarraidh orthu Sellafield a dhúnadh.

Stróic an cárta poist seo de agus cuir sa phost ar nó faoi 19 Aibreán 2002.

Is é do ghuth é an cárta seo. Is leatsa an deis chun cuidiú le dúnadh Sellafield atá ina chontúirt bheatha duitse agus do do chairde agus teaghlach. Tá postas* an chárta seo íoctha. Níl le déanamh agat ach é a shíniú agus é a CHUR SA PHOST AR NÓ FAOI 19 AIBREÁN 2002. Déanfar na cártaí uile a sheachadadh sa RA le chéile chun teacht le cothrom lae Tubaiste Chernobyl.

NÓTA
* Tá an postas do chárta Tony Blair íoctha, ach le do thoil déan níos mó agus ceannaigh na cártaí don Phrionsa Charles & Norman Askew i d'Oifig an Phoist áitiúil, nó sna siopaí nó gnólachtaí atá páirteach san fheachtas seo. Tabharfar an brabach go léir do Thionscadal Páistí Chernobyl.

## Tony,

Féach isteach sna súile orm agus abair liom nach baol dom má tharlaíonn teagmhas mór i Sellafield.

Ní thugann an ghathaíocht aird ar theorainn. Ag brath ar threo na gaoithe d'fhéadfadh limistéir mhóra de mo thír a bheith fágtha do-áitrithe. Go deo.

Mar atá sé, caitheann BNFL na milliúin líotar dramhaíola radaghníomhaí amach i Muir Éireann gach lá.

Is é seo séú cothrom déag Tubaiste Chernobyl. Ní féidir leis an domhan ceann eile a sheasamh, ná tusa ach oiread. Ná bí dall ar an gcontúirt, Tony. Tá an baol ró-mhór.

Dún Sellafield más é do thoil é. Ar ár son go léir.

Sínithe

Saoránach Éireannach
ARNA SEACHADADH AR SON MHUINTIR NA HÉIREANN AG AN POST




An tUasal Tony Blair MP,

Príomh-Aire,

10 Sráid Downing,

Londain SW1A 2AA, Sasana.

Tabharfar an brabach go léir ón gcárta seo a dhíol go "Tionscadal Páistí Chernobyl".

# Comhairle-Leathanach Gréasáin Fhoilseachán do Shaoránaigh do Roinn 2 Ceist 4





# Faisnéis don Saoránach





## Foilseacháin

Foilsíonn Comhairle roinnt foilseachán le freastal ar riachtanais an phobail agus soláthróirí faisnéise araon faoi ghnéithe áirithe de chearta agus dliteanais ar sheirbhísí sóisialta, ar a n-áirítear:




### Dliteanais Daoine Éagumasaithe

Tugann an bhileog seo an réimse céanna faisnéise leis an bhfoilseachán thuas agus é dírithe ar na cearta agus dliteanais atá ag daoine éagumasaithe. (Nasc le téacs iomlán)




### Cá nDéanfar Gearán

Eolaire do thomhaltóirí foilsithe Márta 2002.

(Nasc le téacs iomlán)




### Pacáiste Faisnéise faoi Bhuiséad 2002

Réitigh Comhairle an Pacáiste Faisnéise faoin mBuiséad i ndiaidh Bhuiséad 2002 ar an 5ú Nollaig 2001 agus curtha leis tá faisnéis ar bhearta buiséid a fógraíodh ar an lá sin. (Nasc le téacs iomlán)




### Eolaire Eagraíochtaí Deonacha Náisiúnta

- Tugtar liosta de 500 eagraíocht ar leith, ar a n-áirítear áisíneachtaí stáit agus poiblí a mbeadh spéis ag an earnáil dheonach ann.